2024/1256

30.4.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1256 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Aibreán 2024

lena leasaítear agus lena gceartaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le hinnealra talmhaíochta lódaire tosaigh, cuadfheithiclí uile-thír-raoin, chomh maith le huirlisí láimhe a oibrítear le mótar leictreach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 10 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 2006/42/CE, innealra a monaraíodh i gcomhréir le caighdeán comhchuibhithe, agus ar foilsíodh an tagairt dó in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, measfar go gcomhlíonann sé na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a chumhdaítear le caighdeán comhchuibhithe den sórt sin.

(2) Le litir M/396 an 19 Nollaig 2006, chuir an Coimisiún iarraidh ('iarraidh M/396') faoi bhráid an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú (CEN) agus Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) go ndéanfaí caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú agus a athbhreithniú, agus go gcuirfí an obair ar na caighdeáin sin i gcrích, chun tacú le Treoir 2006/42/CE ionas go gcuirfí athruithe san áireamh a tugadh isteach leis an Treoir sin i gcomparáid le Treoir 98/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(3) Ar bhonn iarraidh M/396, dhréachtaigh CEN agus Cenelec caighdeáin chomhchuibhithe EN 12525:2000+A2:2010 maidir le hinnealra talmhaíochta agus sábháilteacht lódairí tosaigh, EN 15997:2011, arna cheartú le EN 15997:2011/AC:2012, maidir le feithiclí uile-thír-raoin agus sábháilteacht cuadrothar, EN 62841-1:2015, arna cheartú le EN 62841-1:2015/AC:2015 agus arna leasú le EN 62841-1:2015/A11:2022, maidir le huirlisí láimhe a oibrítear le mótar leictreach agus ceanglais ghinearálta maidir le sábháilteacht uirlisí iniompartha agus innealra faiche agus gairdín, agus EN 62841-2-11:2016, arna leasú le EN 62841-2-11:2016/A1:2020, maidir le huirlisí láimhe a oibrítear le mótar leictreach, uirlisí iniompartha agus innealra faiche agus gairdín agus ceanglais shainiúla maidir le sábha frithingeacha láimhe. Foilsítear tagairtí na gcaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 ón gCoimisiún ([3]).

(4) An 6 Meitheamh 2022, rinne an Ghearmáin agóid fhoirmiúil i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 2006/42/CE in aghaidh chaighdeán comhchuibhithe EN 12525:2000+A2:2010, lena mínítear nach gcomhlíontar leis an gcaighdeán comhchuibhithe na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointí 1.1.2. agus 1.7.4.2. (l) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE. Áitíonn an Ghearmáin go bhforchuirtear bearta eagraíochtúla leis an gcaighdeán maidir le lódairí tosaigh le haghaidh feithiclí talmhaíochta seachas bearta teicniúla, a mhéid a bhaineann leis na ceanglais a leagtar amach i bpointe 1.1.2. d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin. Thairis sin, áitíonn an Ghearmáin nach meastar gur leor struchtúr cosanta iompaithe a bheith ann chun na ceanglais a leagtar amach i bpointe 1.7.4.2. (l) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE a chumhdach toisc gur cheart struchtúr cosanta ar rudaí atá ag titim a chomhfhreagraíonn do chód 10 na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) ([4]) a bheith ann ina ionad sin.

([1]) IO L 157, 9.6.2006, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/42.

([2]) Treoir 98/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hinnealra (IO L 207, 23.7.1998, lch. 1).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2023 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le hinnealra arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 194, 2.8.2023, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/1586/oj).

([4]) Cód caighdeánach 10 ECFE maidir le tástáil oifigiúil a dhéanamh ar struchtúir chosanta ar rudaí atá ag titim ar tharracóirí talmhaíochta agus tarracóirí foraoiseachta, cód a bhunaigh an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, dá dtagraítear i ró 40 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Feabhra 2013 maidir le formheas agus le faireachas margaidh ar fheithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta (IO L 60, 2.3.2013, lch. 1).

(5) Pléadh an agóid fhoirmiúil i nGrúpa Saineolaithe an Choimisiúin maidir le hInnealra ([5]) ag na cruinnithe a bhí aige an 10 Deireadh Fómhair 2022 agus an 23 Márta 2023. Phléigh an Coiste a bunaíodh le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus an gComhairle ([6]) é an 15 Nollaig 2023.

(6) Tar éis scrúdú a dhéanamh ar chaighdeán comhchuibhithe EN 12525:2000+A2:2010 in éineacht le hionadaithe Ghrúpa Saineolaithe an Choimisiúin maidir le hInnealra agus le hionadaithe an choiste a bunaíodh le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach gcomhlíontar leis an gcaighdeán na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointí 1.1.2. agus 1.7.4.2. (l) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE.

(7) An 30 Meán Fómhair 2022, rinne an Fhrainc agóid fhoirmiúil i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 2006/42/CE in aghaidh chaighdeán comhchuibhithe EN 15997:2011, arna cheartú le EN 15997:2011/AC:2012, lena mínítear nach gcomhlíontar leis an gcaighdeán comhchuibhithe sin na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointí 1.1.2., 1.3.1., agus 3.4.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE. Áitíonn an Fhrainc nach dtugtar aghaidh go leormhaith leis an gcaighdeán, lena gcumhdaítear feithiclí uile-thír-raoin agus cuadrothair, ar phrionsabail an chomhtháthaithe sábháilteachta agus na mí-úsáide measartha intuartha a leagtar amach i bpointe 1.1.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE. Áitíonn an Fhrainc freisin go bhfuil easnaimh thromchúiseacha ann freisin a bhaineann le cailliúint na cobhsaíochta toisc nach bhfuil ceanglas ann maidir le cobhsaíocht thaobhach agus fadchobhsaíocht tosaigh a leagtar amach i bpointe 1.3.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir. Ina theannta sin, áitíonn an Fhrainc nach bhfuil sonraíochtaí ag an gcaighdeán comhchuibhithe sin chun gluaiseachtaí neamhrialaithe a leagtar amach i bpointe 3.4.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE a chosc. De réir na Fraince, meastar gurb iad iompú agus eisteilgean an rothaí na cásanna tionóisce is ábhartha.

(8) Pléadh an agóid fhoirmiúil i nGrúpa Saineolaithe an Choimisiúin maidir le hInnealra ag an gcruinniú a bhí aige an 23 Márta 2023. Phléigh an Coiste a bunaíodh le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 maidir le caighdeánú Eorpach é an 15 Nollaig 2023.

(9) Tar éis scrúdú a dhéanamh ar chaighdeán comhchuibhithe EN 15997:2011, arna cheartú le EN 15997:2011/AC:2012, in éineacht le hionadaithe Ghrúpa Saineolaithe an Choimisiúin maidir le hInnealra agus le hionadaithe an choiste a bunaíodh le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach gcomhlíontar leis an gcaighdeán na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointí 1.1.2., 1.3.1., agus 3.4.1. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE.

(10) An 20 Bealtaine 2022, rinne an Ghearmáin agóid fhoirmiúil i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 2006/42/CE in aghaidh chaighdeán comhchuibhithe EN 62841-1:2015, arna cheartú le EN 62841-1:2015/AC:2015, agus in aghaidh chaighdeán comhchuibhithe EN 62841-2-11:2016, arna leasú le EN 62841-2-11:2016/A1:2020, lena mínítear nach gcomhlíontar leis na caighdeáin chomhchuibhithe sin na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointí 1.2.3. agus 2.2.1. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE. Maidir le caighdeán comhchuibhithe EN 62841-1:2015, arna cheartú le EN 62841-1:2015/AC:2015, agus caighdeán comhchuibhithe EN 62841-2-11:2016, arna leasú le EN 62841-2-11:2016/A1:2020, lena gcumhdaítear meaisíní leictreacha láimhe amhail preabsháibha, áitíonn an Ghearmáin nach soláthraítear leis na caighdeáin sin cosaint leormhaith ar thosú neamhbheartaithe tar éis caillteanas voltais, a mhéid a bhaineann leis na ceanglais a leagtar amach i bpointe 1.2.3. (an dara mír, an chéad fhleasc, arna gcur i bhfeidhm leis an gcéad mhír) agus pointe 2.2.1. (an chéad mhír, an tríú fleasc) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE.

(11) Pléadh an agóid fhoirmiúil i nGrúpa Saineolaithe an Choimisiúin maidir le hInnealra ag an gcruinniú a bhí aige an 10 Deireadh Fómhair 2022 agus sa Choiste a bunaíodh le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 maidir le caighdeánú Eorpach an 15 Nollaig 2023.

([5]) Grúpa E03676 den Chlár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis eile den saghas céanna.

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj).

(12) Tar éis scrúdú a dhéanamh ar chaighdeán comhchuibhithe EN 62841-1:2015, arna cheartú le EN 62841-1:2015/AC:2015, agus ar chaighdeán comhchuibhithe EN 62841-2-11:2016, arna leasú le EN 62841-2-11:2016/A1:2020, in éineacht le hionadaithe Ghrúpa Saineolaithe an Choimisiúin maidir le hInnealra agus le hionadaithe an choiste a bunaíodh le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach gcomhlíontar leis an gcaighdeán na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointí 1.2.3. agus 2.2.1. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE.

(13) Ós rud é gur foilsíodh an tagairt do leasú EN 62841-1:2015/A11:2022 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586, tar éis na hagóide a rinne an Ghearmáin, scrúdaigh an Coimisiún freisin caighdeán comhchuibhithe EN 62841-1:2015, arna cheartú le EN 62841-1:2015/AC:2015 agus arna leasú le EN 62841-1:2015/A11:2022, agus tháinig sé ar an gconclúid nach gcomhlíontar leis an gcaighdeán na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 1.2.3. (an dara mír, an chéad fhleasc, arna gcur i bhfeidhm leis an gcéad mhír) agus pointe 2.2.1. (an chéad mhír, an tríú fleasc) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE.

(14) Ba cheart, dá bhrí sin, caighdeáin chomhchuibhithe EN 12525:2000+A2:2010; EN 15997:2011, arna cheartú le EN 15997:2011/AC:2012; EN 62841-1:2015, arna cheartú le EN 62841-1:2015/AC:2015 agus arna leasú le EN 62841-1:2015/A11:2022; agus EN 62841-2-11:2016, arna leasú le EN 62841-2-11:2016/A1:2020, a choinneáil in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srian.

(15) Na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 12525:2000+A2:2010; EN 15997:2011, arna cheartú le EN 15997:2011/AC:2012; EN 62841-1:2015, arna cheartú le EN 62841-1:2015/AC:2015 agus arna leasú le EN 62841-1:2015/A11:2022; agus EN 62841-2-11:2016, arna leasú le EN 62841-2-11:2016/A1:2020, liostaítear iad in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586. Áirítear san Iarscríbhinn sin freisin na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2006/42/CE, ach ar tagairtí iad a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srianta. Ba cheart, dá bhrí sin, na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe sin a choinneáil, trína scriosadh ón Iarscríbhinn sin agus trína dtabhairt isteach arís inti, leis na srianta iomchuí.

(16) An tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN 62841-1:2015, arna cheartú le EN 62841-1:2015/AC:2015, liostaítear í in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586, ina liostaítear na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a tharraingítear siar tar éis dátaí sonracha. Áirítear san Iarscríbhinn sin freisin na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2006/42/CE maille le srianta. Ba cheart, dá bhrí sin, an tagairt don chaighdeán comhchuibhithe sin a choinneáil, trína scriosadh ón Iarscríbhinn sin agus trína tabhairt isteach arís inti, leis an srian iomchuí.

(17) Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht, ba cheart foráil a dhéanamh in Airteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 go bhfuil infheidhmeacht na gcaighdeán, a liostaítear a dtagairtí san Iarscríbhinn sin, faoi réir aon srian a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 3 den Chinneadh Cur Chun Feidhme sin a cheartú.

(18) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 a leasú agus a cheartú dá réir sin.

(19) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais fhíor-riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

Na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe maidir le hinnealra a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2006/42/CE agus a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, déantar leis seo iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Na tagairtí do na caighdeáin a liostaítear i gCuid a Trí, pointe 2, rónna 121, 266, 324a, 343, 405, 495, 513a, 671a agus 681a d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, foilsítear iad nó coinnítear iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srianta.';

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

'Mar sin féin, leanfaidh sí d'fheidhm a bheith aici maidir leis na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo go dtí na dátaí a tharraingeofar siar na tagairtí sin a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, faoi réir aon srian a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.'; agus

(3) Leasaítear Iarscríbhinní I agus II i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Ceartú ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586

In Airteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

'Mar sin féin, leanfaidh sí d'fheidhm a bheith aici maidir leis na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo go dtí na dátaí a tharraingeofar siar na tagairtí sin a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, faoi réir aon srian a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.'.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Aibreán 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I agus II maidir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 mar a leanas:

(1) i gCuid a Trí d'Iarscríbhinn I, leasaítear pointe (2) mar a leanas:

(a) scriostar ró 324;

(b) cuirtear isteach an ró 324a seo a leanas:

'324a.	EN 12525:2000+A2:2010 Innealra talmhaíochta – Lódairí tosaigh – Sábháilteacht Srian: Ní thugtar le fios leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 1.1.2. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE, lena gceanglaítear bearta teicniúla, seachas bearta eagraíochtúla amhail struchtúir chosanta lena maolaítear go sonrach rudaí atá ag titim in ionad aghaidh a thabhairt ar chásanna tionóisce eile lena n-áirítear iompuithe feithiclí, agus i bpointe 1.7.4.2 (l) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE, lena n-éilítear faisnéis faoi na rioscaí iarmharacha atá fós ann d'ainneoin na mbeart bunúsach um dhearadh sábháilte, na mbeart coimirce agus na mbeart cosanta comhlántach arna nglacadh.';

(c) scriostar ró 513;

(d) cuirtear isteach an ró 513 a seo a leanas:

'513 a.	EN 15997:2011 Feithiclí uile-thír-raoin (ATVanna – Cuadrothair) – Riachtanais sábháilteachta agus modhanna tástála EN 15997:2011/AC:2012 Srian: Ní thugtar le fios leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 1.1.2. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE, lena gceanglaítear comhlíonadh phrionsabail an chomhtháthaithe sábháilteachta agus mhí-úsáid measartha intuartha na feithicle, i bpointe 1.3.1. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE, lena gceanglaítear maolú maidir le cobhsaíocht thaobhach agus fadchobhsaíocht, agus i bpointe 3.4.1. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE, lena gceanglaítear gluaiseacht neamhrialaithe a chosc.';

(e) scriostar ró 671;

(f) cuirtear isteach an ró 671 a seo a leanas:

'671 a.	EN 62841-1:2015 Uirlisí láimhe a oibrítear le mótar leictreach, uirlisí iniompartha agus innealra faiche agus gairdín - Sábháilteacht - Cuid 1: Riachtanais ghinearálta (IEC 62841-1:2014, leasaithe) EN 62841-1:2015/AC:2015 EN 62841-1:2015/A11:2022 Srian: Ní thugtar le fios leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 1.2.3. (an dara mír, an chéad fhleasc, arna gcur i bhfeidhm leis an gcéad mhír) agus pointe 2.2.1. (an chéad mhír, an tríú fleasc) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE, lena gceanglaítear cosaint leormhaith ar thosú neamhbheartaithe gan beann ar an gcúis.';

(g) scriostar ró 681;

(h) cuirtear isteach an ró 681 a seo a leanas:

‘681 a.	EN 62841-2-11:2016 Uirlisí láimhe a oibrítear le mótar leictreach, uirlisí iniompartha agus innealra faiche agus gairdín - Sábháilteacht - Cuid 2-11: Riachtanais shainiúla le haghaidh sábha frithingeacha láimhe (IEC 62841-2-11:2015, mionathraithe) EN 62841-2-11:2016/A1:2020 Srian: Ní thugtar le fios leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 1.2.3. (an dara mír, an chéad fhleasc, arna gcur i bhfeidhm leis an gcéad mhír) agus pointe 2.2.1. (an chéad mhír, an tríú fleasc) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE, lena gceanglaítear cosaint leormhaith ar thosú neamhbheartaithe gan beann ar an gcúis.’;

(2) i gCuid a Dó d’Iarscríbhinn II, leasaítear pointe 2 mar a leanas:

(a) scriostar ró 79;

(b) cuirtear isteach an ró 79 a seo a leanas:

‘79 a.	EN 62841-1:2015 Uirlisí láimhe a oibrítear le mótar leictreach, uirlisí iniompartha agus innealra faiche agus gairdín - Sábháilteacht - Cuid 1: Riachtanais ghinearálta (IEC 62841-1:2014, leasaithe) EN 62841-1:2015/AC:2015 Srian: Ní thugtar le fios leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 1.2.3. (an dara mír, an chéad fhleasc, arna gcur i bhfeidhm leis an gcéad mhír) agus pointe 2.2.1. (an chéad mhír, an tríú fleasc) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE, lena gceanglaítear cosaint leormhaith ar thosú neamhbheartaithe gan beann ar an gcúis.	An 2 Feabhra 2025’.